Tuairiscíonn an Coiste don Chomhairle, agus tá ar an gCoiste beirt liachleachtóirí ghinearálta ar a laghad, beirt síceolaithe ar a laghad, aon lia sláinte ceirde amháin, beirt síceiteiripeoirí, agus beirt chomhaltaí thuata. Tionóladh sé chruinniú iomlánacha den Choiste in 2020 agus tionóladh 92 seisiún athbhreithnithe i rith na bliana go pearsanta ar dtús agus a lean ar aghaidh ansin tríd an ardán Zoom mar gheall ar phaindéim Covid-19. Maireann seisiún athbhreithnithe idir an bheirt chomhaltaí den Choiste agus na liachleachtóirí ar leith thart ar uair an chloig go hiondúil. Ag an seisiún athbhreithnithe, pléifidh comhaltaí an Choiste na tuairiscí liachta leis an liachleachtóir mar aon le haon saincheisteanna eile atá ábhartha do shláinte an liachleachtóra atá iomchuí sna himthosca dar leis na comhaltaí.

Tá Staitisticí faoi ghearáin, cinntí agus torthaí le fáil in Aguisín C

- Foinse na ngearán
- Gearáin de réir inscne
- Gearáin de réir an rannáin den Chlár
- Gearáin de réir aoisraoin
- Réimse Cáilíochtaí
- Cineálacha na ngearán a fuarthas
- Gearáin a mheas an PPC
- Fiosruithe um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh
- Fiosruithe a Reáchtáladh
- Torthaí
- Poiblí/Príobháideach
- Smachtbhannaí a forchuireadh
- Ionadaíocht Dhlíthiúil
- Cúiseanna le héisteachtaí príobháideacha
- Iarratais faoi Alt 60
- An Coiste Monatóireachta
- An Coiste Sláinte

Inniúlacht Ghairmiúil

Inniúlacht Ghairmiúil a Chothabháil

Comhlíonadh na gCeanglas maidir le Cothabháil Inniúlachta Gairmiúlachta a Bhainistiú i rith Covid-19

Cé go raibh sásra monatóireachta rioscabhunaithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis le cur i bhfeidhm in 2020, cuireadh pleananna ar athlá nuair a thosaigh paidéim Covid-19. Ina ionad sin, chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis tacaíochtaí ar fáil do dhochtúirí trí na gníomhartha seo a leanas:

- Cuireadh siar riachtanais Mhonatóireachta ar Chothabháil Inniúlachta Gairmiúla (MPC) do Bhliain na Scéime 2019/20.
- Baineadh an dearbhú MPC ó phróiseas clárúcháin a choinneáil in 2020.
- Anótáladh Ráitis Rannpháirtíochta na ndaoine a bhí rollaithe i Scéim Inniúlachta Gairmiúla 2019/20 lena thabhairt le fios go raibh cúinsí maolaitheacha ann a chuir cosc ar rannpháirtíocht agus taifeadadh gníomhaíochta FGL do 2019/20. Leathnófar an anótáil le haghaidh 2020/21. Riachtanas éigeantach go fóill is ea rannpháirtíocht in FGL agus ní chiallaíonn an anótáil seo go gcuirtear ar ceal an rannpháirtíocht in FGL.
- D'éascaigh Comhlachtaí Oiliúna larchéime clárú déanach i Scéimeanna.
- Laghdú suntasach ar riachtanais Chreat MPC do Bhlianta Scéime 2020/21 agus 2021/22 agus méadú ar sholúbthacht maidir leis an gcaoi a leithdháiltear creidmheasanna FGL.
- Nuashonruithe rialta do dhochtúirí arna scaipeadh trí mheáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus trí Scéimeanna Inniúlachta Gairmiúla.

Thacaigh an Stiúrthóireacht um Inniúlacht Ghairmiúil agus Taighde freisin le cúig fhiosrúchán a bhain le neamhchomhlíonadh MPC in 2020.

Forbairtí in 2020

Ba é an fócas a bhí ag Comhairle na nDochtúirí Leighis ná moltaí ó Athbhreithniú Shamhail um Chothabháil Inniúlachta Gairmiúla (MPC) 2019 a chur chun cinn. Pléadh an tuarascáil athbhreithnithe le Fóram na gComhlachtaí Oiliúna Leighis larchéime i mí Eanáir. Cnuasaíodh moltaí i dtír théama le tabhairt chun cinn.

Ba iad sin:

- An creat MPC reatha a cuireadh i bhfeidhm in 2011 a neartú
- Caighdeán chreidiúnaithe FGL a fhorbairt
- Córais agus próisis a chaighdeánú ar fud na Scéimeanna Inniúlachta Gairmiúla (Scéimeanna) ar fad.

Mar gheall ar thús phaindéim Covid-19, ní fhéadfaí ach dhá cheann de na trí théama a chur chun cinn. Cuireadh siar an obair a bhaineann le córais a chaighdeánú ar fud Scéimeanna go dtí 2021. Cuirfear síneadh dhá bhliain eile leis na Socruithe idir Comhairle na nDochtúirí Leighis agus oibreoirí Scéime chun an obair seo a chur chun cinn.

Caighdeán Chreidiúnaithe FGL a Fhorbairt

Choimisiúnaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis eagraíocht neamhbhrabúis atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe ar a dtugtar an Chomhairle um Chreidiúnú d'Oideachas Leanúnach Leighis (ACCME) chun tús a chur le hobair ar chaighdeán agus ar bhonneagar a fhorbairt chun samhail chreidiúnaithe FGL arna comhaontú go náisiúnta a chur i bhfeidhm. Thacaigh ACCME le tionscnaimh FGL leis an gComhairle Eorpach um Chreidiúnú d'Oideachas Leanúnach Leighis sa Bhruiséil, agus le hionadaithe rialtais, chóras sláinte agus FGL ó raon leathan tíortha lena n-áirítear an Nua-Shéalainn, an Fhrainc, Singeapór agus an Afraic Theas. Beidh na caighdeán FGL idirnáisiúnta atá á bhforbairt ag an Acadamh Idirnáisiúnta um Chreidiúnú FGL mar bhunús leis an tsamhail seo. Táthar ag súil go mbeidh Éire in ann comhionannas substaintiúil a bhaint amach le dlínsí idirnáisiúnta eile trí chaighdeán FGL a fhorbairt.

Cuireadh Céim a hAon de Cheithre Chéim an tionscadail i gcrích go rathúil. Is éard a bhí i gceist anseo, athbhreithniú ar stádas an chórais chreidiúnaithe FGL in Éirinn ag díriú ar na nithe seo:

- An córas cúraim sláinte agus an lucht saothair cúram sláinte in Éirinn
- Córas FGL lena n-áirítear soláthraithe FGL, tacaíochtaí tráchtála do FGL, agus tuisceantí dochtúra ar FGL
- Dúshlán agus deiseanna do Chomhairle na nDochtúirí Leighis chun an córas FGL in Éirinn a fhorbairt

Scaipfear dréachtshraith de chaighdeán chreidiúnaithe FGL le haghaidh comhairliúcháin níos leithne le páirtithe leasmhara in 2021.

Léargas ar Mheasúnú Feidhmíochta, 2020



Samhail Reatha na Cothabhála Inniúlachta Gairmiúla a chur chun cinn

Thionóil Comhairle na nDochtúirí Leighis Grúpa Oibre maoirseachta don tionscadal a raibh teorainn ama leis chun forbairtí ar shamhailchreat um Chothabháil Inniúlachta Gairmiúla athbhreithnithe a chur chun cinn do dhochtúirí chun rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí foghlama ar feadh an tsaoil a bhaineann le raon feidhme ábhartha an chleachtais a éascú ar bhonn níos fearr. Is é cuspóir an Ghrúpa Oibre taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm chun samhail athbhreithnithe MPC a ullmhú. Scrúdóidh sé freisin na modhanna trína gcoinníonn dochtúirí a n-inniúlacht ghairmiúil agus trína bhfanann siad feidhmiúil le cleachtadh i ndlínsí idirnáisiúnta agus aird á tabhairt ar an gcaoi a ndéanann dochtúirí an méid seo a leanas:

- Measúnú a dhéanamh ar a gcleachtas agus plean foghlama a chruthú ina ndírítear ar thorthaí foghlama
- A bplean foghlama a chur i bhfeidhm trí ghníomhaíochtaí éagsúla FGL atá nasctha le Réimsí an Dea-Chleachtais Ghairmiúil
- Measúnú a dhéanamh ar a dtorthaí foghlama trí úsáid a bhaint as samhlacha agus uirlisí machnamhacha

Faoi chathaoirleacht Chomhairle na nDochtúirí Leighis, cuimsíonn an Grúpa Oibre seo ionadaithe ó oibreoirí na Scéime Inniúlachta Gairmiúla (RCSI, ICGP agus RCPI), slánaitheoir (Medisec), Aonad Náisiúnta Oiliúna agus Pleanála Dochtúirí FSS, an pobal taighde (Aonad Oideachais Leighis Choláiste na hOllscoile, Corcaigh) agus an Roinn Sláinte. Tá pléití faoi lán seoil. Scaipfear dréacht den tSamhail athbhreithnithe le haghaidh comhairliúchán níos leithne le páirtithe leasmhara in 2021.

Measúnú Feidhmíochta

Bhí tionchar suntasach ag na srianta a bhain le paidéim Covid-19 ar chumas na feidhme an Mheasúnaithe Feidhmíochta chun measúnuithe a dhéanamh mar a bhí beartaithe. Cuireadh cuairteanna ar láithreáin chliniciúla ar feitheamh, athlonnaíodh baill foirne ar dtús chun cabhrú agus tacú leis an bhFoireann Chláirúcháin agus rinneadh dul chun cinn ar ghnéithe den mheasúnú a d'fhéadfaí a dhéanamh go cianda. Chuir an rannóg tacaíocht feidhmiúcháin leanúnach ar fáil don Choiste um Chláirú agus Cleachtas Leanúnach i rith na bliana inar bhog cruinnithe chuig ardán cianda.

Rinne an fhoireann imscrúdú, measúnú, comhairliúchán agus moltaí maidir le haistriú chuig cianmheasúnú. Rinneadh píolótú ar chur chuige cianda agus cuideoidh aiseolas uaidh seo chun gníomhaíochtaí measúnaithe a chur ar fáil in 2021 agus ina dhiaidh sin. Tugadh faoi deara, cé go bhfuil roinnt gnéithe den mheasúnú oiriúnach do chur chuige cianda leanúnacha, teastaíonn measúnú ar an láthair ó ghnéithe eile chun toradh beartaithe an phróisis a bhaint amach.

Chuir an fhoireann tionscadail dearbhaithe cáilíochta agus feabhsúcháin chun cinn a thacóidh le forbairtí leanúnacha maidir leis an bpróiseas measúnaithe feidhmíochta. Laghdaíodh atreoruithe nua go suntasach in 2020, meastar gur tharla sé seo mar gheall ar thionchar na paindéime ar éisteachtaí óna ngintear atreoruithe. Mar a bhí beartaithe, réachtáil an rannóg cruinnithe cuiditheacha rannpháirtíochta leis na Comhlachtaí Oiliúna Leighis larchéime maidir le measúnú feidhmíochta.

Dréachtaíodh agus cuireadh isteach doiciméadú le haghaidh próiseas Léirithe Spéise chun Measúnóirí Feidhmíochta breise (idir leighis agus neamhleighis) a earcú, próiseas atá le dul ar aghaidh go luath in 2021. Rinneadh an clár oiliúna measúnóirí a nuashonrú agus a athdhearadh ionas gur féidir é a sheachadadh go cianda d'fhonn go mbeadh sé níos inrochtana d'iaratasóirí ionchasacha.

Iompar Gairmiúil agus Eitic

Ghlac an Stiúrthóireacht um Inniúlacht Ghairmiúil agus Taighde maoirseacht feidhmíocháin ar an bhfeidhm iompair ghairmiúil agus eitice in 2020.

Ceanglaítear ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis treoir a fhoilsiú agus a athbhreithniú maidir le hábhair a bhaineann le hiompar gairmiúil agus eitic do lia-chleachtóirí cláraithe. Déanann sé é seo go príomha trí fhoilsiú na *Treorach maidir le hlompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe* atá ina 8ú hEagrán faoi láthair (mar a foilsíodh in 2016 agus a leasaíodh in 2019).


Leagtar amach sa Treoir prionsabail an chleachtais ghairmiúil a bhfuiltear ag súil go leanfaidh gach dochtúir atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis iad agus go gcloífadh siad leo, ar mhaithe leis na hothair a dtugann siad aire dóibh, leo féin agus lena gcomhghleacaithe. Dearadh é le tacú le treoir chleachtais níos mionsonraithe do dhochtúirí a bhfuil dualgas orthu freisin a chinntiú go gcomhlíontar na dlíthe agus na rialacháin go léir a bhaineann lena gcleachtas

Tarmlichtear an tasc maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir don Choiste Eitice agus ní mór é a chur i gcrích le linn gach téarma de chuid na Comhairle. Dá bhrí sin, tá an Treoir seo le hathbhreithniú le linn na bliana romhainn. Tacaíonn an Fheidhmeannacht leis an gCoiste Eitice maidir lena cruinnithe a eagrú, a plean oibre a fhorbairt agus taighde a dhéanamh agus acmhainní a shainaitheint chun cabhrú leis an gCoiste a chuid oibre a chur i gcrích.


Bhí a chruinnithe múnlaiteacha ag an gCoiste Eitice nua, faoi chathaoirleacht an Dr Suzanne Crowe, in 2020 agus réachtaladh iad sin go cianda ó mhí an Mhárta 2020 i ngeall ar Covid-19. Chuir an Coiste tús leis an mbunobair le haghaidh athbhreithnithe, a chuimsigh, go dtí seo, anailís ar an gcaoi a bhfuil an Treoir á húsáid faoi láthair chomh maith le raon feidhme an athbhreithnithe a bhreithniú.

Dhéileáil an feidhmeannas freisin le ceisteanna ó dhochtúirí, othair, an pobal agus daoine eile le linn 2020. Ní chuireann an fheidhmeannacht seirbhís chomhairleach ar fáil do cheisteanna a bhaineann le hiompar gairmiúil agus eitic, ach is féidir leis daoine a threorú chuig rannóga ábhartha den Treoir nuair is cuí agus is féidir leo foinsí féideartha eile faisnéise agus/nó teorach a shainaitheint.

Foinse na bhfiosrúchán ar dhéileáil an rannóg Eitice leo in 2020



Ábhar na bhfiosrúchán ar dhéileáil an rannóg Eitice leo in 2020



Taighde

Foilseacháin

Rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis an Tuarascáil Faisnéise ar an bhFórsa Saothair a chur le chéile agus a sheoladh. Tiomsaítear na tuarascálacha sin ó anailís ar shonraí bliantúla maidir le coinneáil, clárú agus tarraingt siar dheonach. Cuireadh an tuarascáil seo i gcomhthéacs laistigh den timpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta níos leithne, lena n-áirítear Covid-19, ina dtugtar tábhacht mhór d'earcú an fhórsa saothair leighis agus do cheisteanna coinneála.

Eisíodh tuarascáil 2019/20 don phobal i mí na Nollag 2020. Agus sonraí 2019-2020 agus 2020-2021 á sonrú aige, leag an tuarascáil béim ar na treoachtaí clárúcháin leanúnacha a aithníodh i dtuarascálacha roimhe seo. In éineacht le seoladh foirmiúil na tuarascála bhí seisiún faisnéise le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear Cumann Chomhairleoirí Ospidéal na hÉireann, Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann agus Fóram na gComhlachtaí Oiliúna larchéime, Oiliúint agus Pleanáil Dochtúirí Náisiúnta, oifigigh na Roinne Sláinte agus FSS. Tá sé seo ag teacht leis na gnéithe seo a leanas den straitéis:

- 3.2 Déan anailís ar eolas ábhartha agus úsáid é (go himmheánach agus go seachtrach) i mbealach sonraithe, le bonn eolais níos fearr a chur faoi chinntí
- 3.3 Comhoibriú le páirtithe leasmhara le roinnt eolais, eispéireas agus comhfhoghlama a spreagadh
- 4.3 Leag amach agus roinn modheolaíochtaí, oibríochtaí agus próisis Chomhairle na nDochtúirí Leighis le páirtithe leasmhara tábhachtacha
- 4.4 Foilsigh agus cuir gníomhaíochtaí ábhartha Chomhairle na nDochtúirí Leighis chun cinn

Cuspóir Straitéiseach 2.5

“Tabhair faoi nó coimisiúnaigh taighde oideachas míochaine sonraithe a théann i ngleic le téamaí straitéiseacha thábhachtacha a gcuireann caighdeán oideachas míochaine, traenála agus fhoghlaím ar feadh an tsaoil in Éirinn chun cinn”.



Osclaíodh an suirbhé Your Training Counts ina dhiaidh seo, agus tá na torthaí le n-eisiúint in 2021. Nuair a líonann dochtúirí faoi oiliúint an suirbhé, cuireann siad sonraí tábhachtacha ar fáil chun cabhrú le Comhairle na nDochtúirí Leighis tacú le gníomh rialála réamhtheachtach lena n-áirítear cigireachtaí ar láithreáin oiliúna, uirlisí a fhorbairt chun tacú le cumarsáid níos fearr, agus gníomh chun dul i ngleic le bulaíocht agus le cloíteacht. Tá sé seo ag teacht le cuspóir straitéiseach 2.5 den straitéis, i.e.

“Tabhair faoi nó coimisiúnaigh taighde oideachas míochaine sonraithe a théann i ngleic le téamaí straitéiseacha thábhachtacha a gcuireann caighdeán oideachas míochaine, traenála agus fhoghlaím ar feadh an tsaoil in Éirinn chun cinn”.



Comhairliúcháin

Rinne an fhoireann taighde sonraí a bhailiú, a anailísiú, a thiomsú agus a chur i láthair in dhá chomhairliúchán a rinneadh le lia-chleachtóirí cláraithe agus le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear abhcóidí othar maidir le cúram agus teilileigheas neamh-Covid-19 a athbhunú in Éirinn. Chuir sé seo le hobair an Ghrúpa Oibre Teilileighis, agus mar thoradh ar an obair sin foilsíodh Treoracha maidir le Teilileigheas dochtúra agus othair in 2020.

Rinneadh obair bhreise freisin chun tacú leis an gComhairle san fhéinmheasúnú don mhachnamh agus d'fhorbairt bhreise i mí na Bealtaine 2020.

Rannpháirtíocht le taighdeoirí seachtracha

Is comhoibrithe iad Comhairle na nDochtúirí Leighis ar thionscadal Coinneála agus Inspreagtha Dochtúirí Ospidéal (HDRM), atá lonnaithe i gCéim RCPI 2. Soláthrófar leis na torthaí, a dhoilseofar in 2021, tuiscint níos doimhne ar na tosca ó thaobh eagrú agus ionad oibre de lena múnlaítear eispéireas na ndochtúirí ar an obair, agus beidh an t-eolas sin níos leithne ná na dearbhuithe bliantúla a fhaightear. Déantar é sin chun dul i ngleic le himirce dochtúirí, coinneáil agus meanma na ndochtúirí ospidéal in Éirinn, agus soláthrófar bonn fianaise do thionscadal HDRM chun eolas a chur ar fáil d'athruithe beartais, go háirithe maidir le coinneáil. Cuireadh príomhthorthaí an tsuirbhé faoi bhráid lucht déanta beartais sinsearach agus fhoireann Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag idirphlé beartais HDRM a reáchtáladh in RCPI an 27 Feabhra 2020.

Rinneadh dul chun cinn freisin ar an obair ar thionscadal rianaithe agus aistrithe intéirneach i gcomhar le NDTP chun eolas a chur ar fáil d'fheabhsuithe praiticiúla ar an ionad oibre, rud atá leanúnach le tacaíocht saineolais taighde RCSI ar fáil.

Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

Déanann an Taighdeoir Sinsearach ionadaíocht thar ceann Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag cruinnithe MacCraith, d'fhonn feabhas a chur ar cháiliúcht na hoiliúna leighis iarchéime in Éirinn. Leanadh de sin go luath in 2020, agus roinneadh torthaí na dtuarascálacha ar an bhfórsa saothair agus Your Training Counts leis an ngrúpa d'fhonn dul i gcion ar athruithe. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis seo arís in 2021.

Go himheánach, rinne an fhoireann taighde rannchuidithe leis an gCoiste Eitice, leis an nGrúpa Oibre Teilileighis, leis an nGrúpa Oibre Ordaithe agus chuir siad tacaíocht ar fáil d'Oideachas & Oiliúint ar chuairteanna láithreáin atá beartaithe.

Comhdhálacha

Roimh an bpaindéim, d'fhreastail an fhoireann taighde ar an 2ú Siompóisiam Bliantúil Frithbhulaíochta, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, an 25 Feabhra 2020, inar luadh sonraí Your Training Counts. Ina theannta sin, cuireadh páipéar ón oifigeach taighde dar teideal 'The relationship between Professional wellbeing, working hours and adverse event involvement in a sample of trainee doctors' i láthair ag Comhdháil Sláinte agus Leighis Síceolaíochta 2020, arna óstáil ar líne ag UCC.

Chuir an fhoireann príomhthorthaí i láthair freisin ó roinnt tuarascálacha maidir le 'Open Disclosure: A review of best practice and the relationship between Organisational Support, Secondary Traumatic Stress and adverse event involvement' ag an bhFóram Idirnáisiúnta maidir le Cáiliúcht agus Sábháilteacht sa Chúram Sláinte 2020, le béim ar shábháilteacht othair.



Oideachas agus Oiliúint

Oideachas agus oiliúint mhíochaine d'fhochéimithe

Tar éis dianphróiseas iarratais agus cigireachta a dhéanamh le Cónaidhm Dhomhanda an Oideachais Leighis (WFME) in 2019 chun aitheantas a fháil mar Ghníomhaire Creidiúnaithe, fuair Comhairle na nDoctúirí Leighis stádas aitheantais i mí an Mheithimh 2020. Is formhuiniú é aitheantas WFME ar cháilíocht chreidiúnú Chomhairle na nDoctúirí Leighis ar chlár chéime oideachais leighis fochéime agus measann sé go bhfuil an próiseas ar ardchaighdeán a nglactar leis go hidirnáisiúnta. Ó 2023, beidh creidiúnú WFME riachtanach chun go mbeidh dochtúirí atá cáilithe in Éirinn incháilithe chun Scrúdú Ceadúnaithe Leighis na Stát Aontaithe (USMLE) a dhéanamh. Beidh fostaíocht mar dhochtúir sna Stáit Aontaithe teoranta freisin do chéimithe ó scoileanna/chláir leighis atá creidiúnaithe ag gníomhaireacht atá aitheanta ag Clár Aitheantais WFME.

Ar chomhairle ón WFME agus ó na hAbhcóidí Sinsearach maidir le cáilíocht agus dlíthiúlacht an chreidiúnaithe ar líne faoi seach, thug Comhairle na nDoctúirí Leighis faoi chreidiúnú "fíorúil" ar scoil leighis an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) i mí Dheireadh Fómhair 2020. Eagrófar cuairteanna ar shuíomhanna deimhnithe ar dháta amach anseo.



Sainoiliúint mhíochaine

In 2020, reáchtáil Comhairle na nDoctúirí Leighis cruinnithe creidiúnaithe do 3 chlár sainoiliúna a raibh a stádas creidiúnaithe cúig bliana imithe in éag; agus 15 chlár sainoiliúna nach raibh creidiúnaithe roimhe sin.

Rinne saineolaithe seachtracha ar an bhfoireann measúnóirí iniúchadh ar an gcuraclam agus ar na modhanna measúnaithe le haghaidh gach cláir ar leith. Foilseofar tuarascálacha ar na creidiúnuithe sin in 2021.

Eanáir 2020

Inchríneolaíocht agus Diaibéiteas Mellitus (Institiúid an Leighis, Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann)

Feabhra 2020

Cnáimhseachas & Gíniceolaíocht (Institiúid Cnáimhseachais & Gíniceolaíochta)

Márta 2020

Micribhitheolaíocht Chliniciúil, Haemaiteolaíocht, Imdhíoneolaíocht, Néarapaiteolaíocht, Histeapaiteolaíocht, Paiteolaíocht Cheimiceach (Dámh na Paiteolaíochta, Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann)

Meán Fómhair 2020

Ainéistíseolaíocht (Coláiste na nAinéistíseolaithe); agus Oftailmeolaíocht (Coláiste Oftailmeolaithe na hÉireann)

Samhain 2020

Bunoiliúint Speisialtóireachta sa Leigheas Inmheánach Ginearálta; Ard-Oiliúint Speisialtóra sa Leigheas Ginearálta; agus Galair Thógálacha, Cairdeolaíocht, Cógaseolaíocht Chliniciúil, Neifreolaíocht, Cairdeolaíocht, Réamaiteolaíocht, Gaistrentreolaíocht (Institiúid an Leighis, Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann)

In 2020, thosaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis ag déanamh anailíse ar shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla arna soláthar ag na trí chomhlacht oiliúna iarchéime déag in Éirinn mar chuid de thimthriall nua "Tuairisceáin Bhliantúla" chun monatóireacht a dhéanamh ar chlár shainoiliúna idir creidiúnú. Cuimsítear leis na tuairisceáin faisnéis amhail an dul chun cinn i leith chur i bhfeidhm na moltaí i dtuarascálacha ar an gcreidiúnú, déimeagrafaíocht na ndaoine faoi oiliúint, earcú agus roghnú, rátaí laghdaithe, oiliúint sholúbtha, agus láithreáin oiliúna.

Ionaid um Oiliúint Chliniciúil

Faomhadh agus foilsíodh in 2020 tuarascálacha ar chigireachtaí ar láithreáin oiliúna cliniciúla i nGrúpa Ospidéal RCSI agus i nGrúpa Ospidéal UL in 2019.

Clár Oiliúna do Mheasúnóirí

Cé gur cuireadh oiliúint mheasúnóra ar fionraí in 2020, thapaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis an deis an clár oiliúna atá faofa ag ISQua a nuashonrú do gach measúnóir a bhí páirteach i gcreidiúnú oideachais leighis agus gníomhaíochtaí cigireachta na Comhairle. Táthar ag súil go gcuirfear tús arís le hoiliúint na measúnóirí in 2021.

Cuairteanna Measúnóirí


In 2020, rinne an Chomhairle creidiúnú ar chlár fochéime amháin agus ar 17 gclár oiliúna iarchéime. Cuimsítear le foirne measúnóirí idir chomhaltaí den Chomhairle agus measúnóirí seachtracha, agus tacaíonn Feidhmeannas Chomhairle na nDochtúirí Leighis leo ar gach creidiúnú. Tá achoimre thíos ar an líon laethanta a caitheadh ar chreidiúnú in 2020.

Líon laethanta measúnóra

Measúnóirí	Fochéime	Iarchéime	Iníuchtaí ar Ionaid um Oiliúint Chliniciúil	IOMLÁN
Comhaltaí Comhairle (leighis)	4	5	0	9
Comhaltaí Comhairle (neamhleighis)	8	8	0	16
Measúnóirí Seachtracha (leighis)	12	38	0	50
Measúnóirí Seachtracha (neamhleighis)	0	10	0	10
IOMLÁN	24	61	0	85




Líon iomlán laethanta measúnóra – miondealú ar chreidiúnú



- Láithreáin cliniciúla - 0
- Fochéime - 24
- Iarchéime - 61

Líon iomlán laethanta measúnóra – miondealú ar mheasúnóirí



- Comhaltaí Comhairle (leighis) - 9
- Comhaltaí Comhairle (tuata/neamhleighis) - 16
- Measúnóirí Seachtracha (leighis) - 59
- Measúnóirí Seachtracha (tuata/neamhleighis) - 26

Anatamaíocht

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an t-údarás ceadúnúcháin do chleachtas na hanatamaíochta sa Stát. Rinne 38 deonú trí na cláir deontóirí sna cúig scoil anatamaíochta in Éirinn in 2020. Ba laghdú 79 é sin ar an líon (117) a deonaíodh in 2019.

Rinneadh cigireacht ar an roinn anatamaíochta i scoil leighis Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn i mí Feabhra 2020, sular tugadh isteach srianta Covid-19.

Scoil Liachta	Líon na ndeonuithe anatamaíochta a fuarthas in 2020
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	0
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn	9
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	3
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	14
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	12

Tionscadal um Fheabhsú Cáilíochta

Chruthaigh an Chomhairle ról nua, Ceann um Fheabhsú Cáilíochta san Oideachas agus san Oiliúint, chun roinnt tionscnamh a threorú ar mian leis an gComhairle tabhairt fúthu chun tacú leis an bhfeidhm rialála thábhachtach seo.

Agus Comhairle na nDochtúirí Leighis ag druidim le comóradh 10 mbliana ar thosach feidhme Chuid 10 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, rinne an Chomhairle iniúchadh ar na rialacha, na critéir, na caighdeáin agus na treoirlínte go léir faoi Chuid 10 den Acht agus rinne sí moltaí le haghaidh feabhsúcháin.

Agus iad seo agus moltaí eile maidir le feabhsú cáilíochta le déanaí á gcur san áireamh, tabharfar aghaidh ar na réimsí seo a leanas faoin tionscadal Feabhsúcháin Cáilíochta, a bhfuiltear ag súil go mairfidh sé roinnt blianta:

1. Athbhreithniú ar Chaighdeáin agus ar fhorbairt próiseas agus nósanna imeachta chun tacú le caighdeáin a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach;
2. Athbhreithniú agus nuashonrú ar Rialacha Chuid 10 chun tacú níos fearr le rialáil an oideachais agus na hoiliúna leighis;
3. Rialachas agus nuashonruithe beartais;
4. Nuashonruithe um Buan-nós Imeachta Oibríochta;
5. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide chun tacú le gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna;
6. Cumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara.

Seirbhísí Corparáideacha

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Bhí an Roinn TFC a gnóthach agus mórchuid tionscadal ar siúl acu i 2020. Cé go raibh tionchar mór ag an bpaindéim ar an gcéad ráithe de 2020 go príomha, bhí an bhliain gnóthach freisin ar chúiseanna nach mbaineann le Covid-19.

D'éascaigh infheistíocht i bpríomhthionscadail bhonneagair sna blianta roimhe seo don fhoireann TFC agus do Chomhairle na nDochtúirí Leighis aistriú go héifeachtach chuig cianobair don fhoireann go léir. Bhain an fhoireann TFC leas as comhpháirtíochtaí tacaíochta inmheánacha agus seachtracha chun aistriú go héasca chuig a bheith ag feidhmiú go hiomlán trí chianrochtain le linn deireadh seachtaine. Cé gur tréimhse dhúshlánach a bhí anseo don rannóg, bhí an fhoireann an-éifeachtach ag obair le chéile chun freastal ar éileamh méadaithe le linn staid nach bhfacthas a leithéid riamh cheana.

D'éirigh le TFC príomhthionscadail agus príomhthionscnaimh straitéiseacha a chur i bhfeidhm le linn 2020 lena n-áirítear

- Ríomhoibriú do gach Ball Foirne
- Cianfhiosrúcháin trí Uirlisí Físchomhdhála
- Comhdhlúthú príomhfheastalaithe
- Aistriú chuig an néal a chríochnú
- Crua-earraí nua a chur ar fáil
- Prótacail agus beartais slándála nuashonraithe a chur chun feidhme

Ghníomhaigh an Rannóg TFC mar fheidhm inmheánach um bainistiú tionscadal agus mar chomhairleoir d'aonaid ghnó eile agus bhí baint acu le go leor tionscadal trasannach lena n-áirítear:

- Córas Airgeadais nua a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le SAP
- Sonraíocht a ullmhú don Chóras Clárúcháin nua, PRISM
- Córas Páipéir an Bhoird a ullmhú, Am Cinnidh

Chun príomhthionscadail agus príomhspricanna straitéiseacha a bhaint amach, níor tháinig aon athrú ar Fhoireann na Roinne TFC agus d'éirigh go maith leo i rith na bliana.

Le linn 2020, cuireadh príomhchonarthaí tacaíochta i bhfeidhm chun cianrochtain shlán a chothabháil agus chun cabhrú le TFC bagairtí a bhainistiú go héifeachtach agus seirbhísí slána a sholáthar don eagraíocht ag an am céanna.

Rialachas Faisnéise


Mar aon le blianta roimhe seo, lean Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh ag cur cultúr feasachta agus cloí chun cinn i measc na foirne maidir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.

Le linn 2020, mar fhreagra ar phaindéim Covid-19, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais agus nósanna imeachta maidir le cosaint sonraí chun an obair ó shocruithe obair ón mbaile don fhoireann a léiriú. Ar aon dul le treoir an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, cuireadh treoirlínte agus meabhrúcháin rialta ar fáil don fhoireann go léir maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi GDPR. Ar an drochuair, cuireadh roinnt oiliúna agus gníomhaíochtaí a bhí le bheith ar siúl in 2020 ar athló agus táthar ag súil go mbeidh siad ar siúl in 2021 ina ionad sin.

Rinne an Fhoireann Rialachais Faisnéise próiseáil ar 41 n-iarratas ar fhaisnéis phearsanta faoin reachtaíocht maidir le cosaint sonraí in 2020. I measc na n-iarratas sin bhí iarratais chaighdeánacha Rochtana Ábhair, agus iarratais ó thríú páirtithe eile a bhí ag iarraidh teagmháil a dhéanamh le lia-chleachtóirí atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis. Is méadú 24 n-iarratas é sin le hais na bliana roimhe sin.

Ós rud é gur comhlacht poiblí í Comhairle na nDochtúirí Leighis, tá sí faoi réir na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise. Fuarthas 63 iarratas in 2020, agus is laghdú ceithre iarratas é sin le hais na bliana roimhe sin. As na 63 iarratas a fuarthas, bhain 33 iarratas le faisnéis phearsanta, bhain 30 iarratas le faisnéis neamhphearsanta. In 2020, d'fhoilsigh an fhoireann Rialachais Faisnéise Logaí Nochta ráithiúla do 2019 agus 2020 ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Leanann an fhoireann Rialachais Faisnéise ar aghaidh ag dul faoi oiliúint agus forbairt leanúnach i réimsí na cosanta sonraí agus na saorála faisnéise.





Cumarsáid

Cé gur chiallaigh imeachtaí 2020 gurbh ghá roinnt gnéithe de ról na foirne Cumarsáide a chiorrú, lean an fhoireann ar aghaidh ag éascú feidhmeanna éagsúla Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Áiríodh leis sin seoladh roinnt foilseachán i rith na bliana lena n-áirítear Tuarascáil Faisnéise an Lucht Saothair Leighis 2019 - 2020, Treoir Teilileighis do dhochtúirí agus treoir ar leithligh d'othair, chomh maith le tacú le roinnt cumarsáidí lenár ngairmithe leighis cláraithe agus leis an bpobal.

Chinntigh na seoltaí seo, a raibh siad ar fad ar siúl trí Zoom, go raibh obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis scaipthe ar fud na meán agus ar pháirtithe leasmhara éagsúla, rud a chuir le próifíl Chomhairle na nDochtúirí Leighis mar rialtóir freagrúil. Ghin an treoir teilileighis agus an Tuarascáil ar Fhaisnéis Lucht Oibre clúdach suntasach sna meáin go háirithe.

Díríodh in 2020 ar rannpháirtíocht le dochtúirí a raibh dúshlán anaithnide rompu, agus labhair ár nUachtarán an Dr Rita Doyle leis an ngairm roinnt uaireanta. Roinneadh tacaíochtaí Covid-19 agus nuashonruithe rialta ar obair na gComhairlí i rith na bliana le páirtithe leasmhara go rialta.

Bhí ról tábhachtach ag an bhfoireann Cumarsáide le roinnt gníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara, comhairliúcháin agus grúpaí oibre i rith na bliana.

Tháinig fás leanúnach ar líon na ndaoine atá dár leanúint ar na meáin shóisialta agus ar na leibhéil idirghníomhaíochta agus rannpháirtíochta.

Acmhainní Daonna

Is é feidhm na rannóige Acmhainní Daonna tacú le fostaithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis le linn a bhfostaíochta. Ag deireadh na bliana, bhí 83 fostaí ag an gComhairle, agus bhí 25 próiseas earcaíochta curtha i gcrích aici.

Rinneadh athbhreithniú ar gach beartas agus nós imeachta i leith Acmhainní Daonna le linn na bliana agus tugadh cothrom le dáta iad de réir na dtreoirilínte.

Lean Comhairle na nDochtúirí Leighis lena tiomantas d'oiliúint, uas-sciliú agus forbairt leanúnach a foirne in 2020, ag éascú ceardlanna le béim ar leith ar Chianobair a Bhainistiú go Rathúil, Bainistíocht Ama d'Oibrithe Cianda, Athléimneacht agus Cumarsáid.

De réir mar a leanann ár bhfoireann ag obair ón mbaile, tá sé tábhachtach go leanfaimid orainn ag tabhairt aire do riachtanais mheabhracha agus fhisiciúla na foirne. Cuireann Comhairle na nDochtúirí Leighis tábhacht mhór ar fholláine na bhfostaithe. Tá sainghrúpa tiomnaithe ag an gComhairle a bhíonn ag díriú ar fholláine mheabhrach, fhisiciúil, airgeadais agus mhothúcháin na foirne. Cuireann Comhaontú Foirne i mBun Oibre ón mBaile dea-chleachtais ar fáil don fhoireann chun cothromaíocht a bhaint amach idir saol na hoibre agus freagrachtaí pearsanta. Ina theannta sin, tá Clár Cúnamh d'Fhostaithe againn ina gcuirtear seirbhís ghairmiúil atá saor in aisce ar fáil d'fhostaithe chun ábhair inní a réiteach ina saol pearsanta nó oibre. Tá sé ar fáil do gach ball foirne agus soláthraíonn sé comhairle agus seirbhísí rúnda, speisialaithe. Cuireann an t-ardán ar líne rochtain ar fáil ar ailt, acmhainní agus uirlisí idirghníomhacha agus ábhar a bhaineann le réimsí an tsaoil, na hoibre, an chaidrimh, an airgeadais agus go leor eile.

Cuireann an Grúpa Folláine sláinte agus folláine ghinearálta chun cinn i measc na foirne i gComhairle na nDochtúirí Leighis. Is é an aidhm atá ann timpeallacht oibre dhearfach agus shláintiúil a chruthú a chuireann tacaíochtaí ar fáil le tionscnaimh éagsúla. Feidhmíonn an grúpa faoi chúig phríomhchólún den fholláine chomhtháite:

- Meabhairshláinte
- Sláinte Choirp agus Cothú
- Folláine Airgeadais
- Folláine Shóisialta
- Carthanas & Rannpháirtíocht an Phobail

Soláthar agus Áiseanna

Soláthar

Chuir an fhoireann soláthair intí roinnt soláthairtí tábhachtacha ar fáil in 2020, agus bhain siad leas as creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais nuair ab fhéidir. I measc na seirbhísí agus na soláthairtí seo bhí Seirbhísí Dearaidh, Bogearraí Pleanála Acmhainní Fiontair, Seirbhísí Gairmiúla do Scéimeanna Inniúlachta Gairmiúla agus Oiliúint agus Forbairt Oideachais, Glanadh agus Rialú Ionfhabhtaithe, PPE, Seirbhísí Éascaithe agus Oiliúint & Forbairt. Fuair an sainchúram Soláthair acmhainn nua i R4 2020 nuair a cuireadh Bainisteoir Soláthair leis chun tacú le seachadadh straitéis soláthair Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus cuspóirí gnó níos leithne.

Paindéim Covid-19

Ó thús 2020, b'éigean d'fhoireann na nÁiseanna díriú go tapa ar thionchar Covid-19. Mar ullmhúchán don phaindéim, ghlac an fhoireann na céimeanna seo a leanas:

- Chuir an Fhoireann Phráinnfhreagartha, faoi threoir na feidhme Áiseanna, tús le plé agus forbairt luath ar phleanáil éigeandála Covid-19 i mí Eanáir 2020 le rialuithe ionfhabhtaithe agus bearta éigeandála arna gcur i bhfeidhm faoi thús mhí Feabhra 2020. Sainithníodh cumas méadaithe don chianobair sular dúnadh an t-áitreabh ar an 16 Márta.
- Cuireadh bearta chun tacú le hacmhainn iargúlta agus leanúnachas gnó i bhfeidhm ó R2 2020, lena n-áirítear iad siúd le haghaidh láimhseáil poist, eirgeanamaíocht agus obair riachtanach ar an láthair.
- Bhí gá le scaradh sóisialta, spásanna cruinnithe a athdhearadh agus PPE a sholáthar ó chórais shábháilte d'oibrithe riachtanacha ar an láthair.
- Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Covid-19 i mí an Mheithimh 2020 chun bheith ar thús cadhnaíochta maidir le prótacail, pleananna agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul isteach arís go sábháilte i dTeach Kingram. Tá sainorduithe rialtais, comhairle sláinte poiblí agus nuashonruithe slainte agus sábháilteachta níos leithne fós á gcur san áireamh agus bearta rialaithe cuí á gcur i bhfeidhm chun fostaithe, oibrithe agus tríú páirtithe a fhreastalaíonn ar Theach Kingram a chosaint.
- Cuireadh tús le cruinnithe fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh duine le duine i mí Dheireadh Fómhair 2020 (le linn srianta Leibhéal 3), tar éis measúnú a dhéanamh ar chumais scartha spásúlachta agus prótacail bhainistíochta shonracha a fhorbairt. Beidh an fhéidearthacht cruinnithe a reáchtáil go fisiciúil faoi réir srianta Rialtais, comhairle NPHET agus rátaí ionfhabhtaithe agus an cumas é sin a dhéanamh go sábháilte in 2021.

Tionscadal Deartha agus Athchóirithe

Tar éis seirbhísí dearaidh faoi stiúir ailtire a sholáthar in 2020, cuireadh tús leis an tionscadal chun acmhainn spásúil a mheas agus a fhorbairt i R4 2020. Tiocfaidh tuilleadh forbartha ar an tionscadal seo in 2021.

Gníomhú ar son na hAeráide

Mar thoradh ar bhainistiú gníomhach an tomhaltais fuinnimh, tháinig laghdú breise ar fhihiúirí 2019 agus coigilteas éifeachtúlacht fuinnimh 36.8% faoi dheireadh na bliana 2019 (arna thuairisciú trí thairseach M&E SEAI in 2020), a sháraíonn sprioc na hearnála poiblí de 33%. Leagtar síos i bPlean um Gníomhú ar son na hAeráide an Rialtais 2019 agus i gClár an Rialtais 2020 sprioc uailmhianach nua maidir le hastaíochtaí a laghdú 50% faoi 2030. Chuir na Foirne Áiseanna agus Glasa tús le forbairt Straitéis um Gníomhú ar son na hAeráide Chomhairle na nDochtúirí Leighis i R4 2020 chun tacú le seachadadh na spriocanna athbheithnithe seo.

Airgeadas

Chuir an fhoireann Airgeadais próiseáil Láidir Fíordheimhnithe Custaiméirí (SCA) i bhfeidhm le haghaidh gach idirbheart íocaíochta cárta-bhunaithe tráchtála leictreonaí a rinneadh leis an gComhairle i gcomhréir le Rialachán Tarmilgthe AE 2018/389 i mí na Nollag 2020. Chuir sé sin feabhas ar an bpróiseas íocaíochta d'úsáideoirí seachtracha trí shlándáil na n-íocaíochtaí uile a dhéantar leis an gComhairle a fheabhsú agus trí shonraí airgeadais an úsáideora a chosaint.


Cuireadh trí Iniúchadh Inmheánacha i gcrích go cianda trí Zoom den chéad uair le linn 2020, agus iniúchtaí Airgeadais a bhí i bpéire acu agus Iniúchadh Leanúnachais Gnó a bhí sa cheann eile. Chomhoibrigh an fhoireann Airgeadais leis an bhfoireann iniúchta inmheánaigh agus chuir siad an doiciméadú ar fad ar fáil don fhoireann trí líonra slán lena chinntiú gur críochnaíodh na hiniúchtaí sceidealaithe le haghaidh 2020 go tráthúil.

Lean an Fhoireann Airgeadais leis na hathruithe riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm i rith 2020 a bhí i gclócláin na Seirbhíse Poiblí agus sa reachtaíocht maidir le cúrsaí párolla, speansais agus idirbhearta airgeadais agus rinneadar é sin ar bhealach tráthúil éifeachtach. Lean an Roinn Airgeadais d'acmhainní airgeadais na Comhairle a bhainistiú ar bhealach a bhí ag teacht leis na riachtanais reachtúla agus rialachais agus bhí dea-chleachtas á chur i bhfeidhm acu i rialú a cúrsaí airgeadais. Rinne an fhoireann monatóireacht ar acmhainní na Comhairle trí leas a bhaint as dianbhuiséadú, réamhaisnéisí leanúnacha, agus tuairisciú ráithiúil don Choiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca lena chinntiú go raibh an Chomhairle ar an eolas go hiomlán i rith na bliana. Lean an Fhoireann Airgeadais leis na hathruithe riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm i rith na bliana a bhí i gclócláin na Seirbhíse Poiblí agus sa reachtaíocht maidir le cúrsaí párolla, speansais agus idirbhearta airgeadais agus rinneadar é sin ar bhealach tráthúil éifeachtach.

Bainistiú Riosca

Tá freagracht fhoriomlán ar an gComhairle as bainistiú riosca, lena n-áirítear cineál agus méid na rioscaí suntasacha a chinneadh a bhfuil sí sásta glacadh leo chun a cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla a bhaint amach. Chun aghaidh a thabhairt air sin, cuireadh beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú orthu go tréimhsiúil chun foráil a dhéanamh maidir le rioscaí suntasacha laistigh de Chomhairle na nDochtúirí Leighis a shainithint, a mheasúnú, a mhonatóiriú agus a thuairisciú go leanúnach. Bainistítear riosca i gComhairle na nDochtúirí Leighis trí athbhreithnithe foirmiúla, ráithiúla agus faomhadh ón gCoiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca (AFRC) ar athruithe leis an gclár riosca corparáideach, ar a sainithnítear na príomhrioscaí don eagraíocht. Ag gach cruinniú de chuid AFRC, tugann an comhalta den fheidhmeannas atá freagrach as riosca ina roinn féin cur síos mionsonraithe ar riosca sa réimse sin agus glacann sé ceisteanna ón gcoiste. Ansin cuireann Cathaoirleach AFRC tuarascáil faoi bhráid na Comhairle ag an gcruinniú ráithiúil rialachais ina bhfuil an Príomhoifigeach Riosca ar fáil chun aon cheisteanna ón gComhairle a fhreagairt.

Catagóirí Rioscaí de réir Ranganna (RAG)



Ráitis Airgeadais

Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile	34
Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle	35
Ráiteas ar an Rialú Inmheánach	44
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	47
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe	49
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	50
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	51
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	52
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	53

Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile

Uachtarán	An Dr. Rita Doyle	
Leasuachtarán	An Dr. Anthony Breslin / An Dr. Thomas Crotty	
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Mr William Prasifka/Mr Philip Brady	
An Chomhairle	An Dr. Rita Doyle An Dr. Anthony Breslin An Dr. John Barragry An tUasal Teresa Bulfin An Dr. Thomas Crotty An Dr. Suzanne Crowe An Dr. Marcus De Brún An tUas. John Gleeson An tUasal Mary Duff An tOllamh Fidelma Dunne An tUas. Paul Harkin An tOllamh John Hyland An tOllamh Mary Leader	An tUasal Alison Lindsay An tOllamh Marina Lynch An Dr. Erica McGuire An tUas. John Murray An Dr. Maeve Moran An Dr. Aoife Mullally An tUas. Joe O'Donovan An tUas. Tom O'Higgins An tUas. Jim O'Sullivan An tOll. Mary O'Sullivan An tUasal Catherine McKenna An tUasal Vicky Blomfield
Oifigí	Teach Kingram Plás Kingram Baile Átha Cliath 2	
Iniúcháirí	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1	
Baincéirí	Banc na hÉireann Bóthar Ráth Maonais Ráth Maonais Baile Átha Cliath 6	
Aturnae	Fieldfisher, Foirgneamh Chéipil, Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 7	

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle

Rialachas

Bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 (arna thabhairt cothrom le dáta in 2007). Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 7 den Acht sin. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Sláinte agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sí an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a cheapadh agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomh-shaincheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus lucht na hardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treorú laethúil Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ní mór don POF agus don lucht ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan atá ceaptha ag an gComhairle a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar oifigeach díreach idirchaidrimh idir an Chomhairle féin agus lucht bainistíochta Comhairle na nDochtúirí Leighis.

Freagrachtaí na Comhairle

An obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach sa Chreat Rialachais agus sna Téarmaí Tagartha, ina bhfuil cur síos freisin ar na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach le haghaidh cinnidh ón gComhairle. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an Chomhairle tá:

- ▶ dearbhú leasanna,
- ▶ tuarascálacha ó na coistí,
- ▶ tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- ▶ tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ▶ ábhair fhorchoimeáda.

Ceanglaítear le hAlt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007, ar an gComhairle gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, a choinneáil i cibé foirm a ordóidh an tAire Sláinte, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ceanglaítear ar an gComhairle na nithe seo a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú:

- ▶ beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach
- ▶ breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- ▶ a shonrú cé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a bhfuil míniú tugtha air sna ráitis airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Chomhairle na nDochtúirí Leighis i Mí na Samhna 2020 trí thagairt don phlean bliantúil agus don buiséad.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis amhail an 31 Nollaig 2020.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Struchtúr na Comhairle

Tá an Chomhairle comhdhéanta d'Uachtarán, Leas-Uachtarán agus fiche a trí ghnáthchomhalta, a gceapann an tAire Sláinte gach duine acu. Ceapadh formhór comhaltaí na Comhairle i gcomhair téarma cúig bliana ach ceapadh cuid acu i gcomhair téarma trí bliana. Tagann an Chomhairle le chéile gach dara mí. Sonraítear sa tábla thíos téarma ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhalta den Chomhairle/de Choiste	Ról	Ceapadh
An Dr. Rita Doyle	Uachtarán	15/06/2018
An Dr. Anthony Breslin	Leasuachtarán	15/06/2018-31/05/2020
An Dr. Thomas Crotty	Leasuachtarán	01/06/2020
An Dr. Thomas Crotty	Gnáth-chomhalta	15/06/2018-31/05/2020
An Dr. John Barragry	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUasal Vicky Blomfield	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An Dr. Erica McGuire	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUas. Tom O'Higgins	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUasal Catherine McKenna	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tOllamh John Hyland	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tOll. Mary O'Sullivan	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUasal Teresa Bulfin	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An Dr. Suzanne Crowe	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An Dr. Marcus De Brun	Gnáth-chomhalta	15/06/2018-18/04/2020
An tUas. John Gleeson	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUasal Mary Duff	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tOllamh Fidelma Dunne	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUas. Paul Harkin	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUas. Jim O'Sullivan	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUasal Alison Lindsay	Gnáth-chomhalta	15/06/2018-31/03/2020
An tOllamh Marina Lynch	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tOllamh Mary Leader	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An Dr. Maeve Moran	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An Dr. Aoife Mullally	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUas. John Murray	Gnáth-chomhalta	15/06/2018
An tUas. Joe O'Donovan	Gnáth-chomhalta	15/06/2018

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Naoi gcoiste atá ag Comhairle na nDochtúirí Leighis, mar seo a leanas:

1. An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca

Tionóladh sé chruinniú in 2020

An tUasal Joe O'Donovan atá ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca, agus tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar shláine na ráiteas airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na córais inmheánacha um rialáil agus bainistiú riosca, agus a bheith chun tosaigh maidir le forbairt airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Tá seisear comhaltaí agus beirt chomhaltaí seachtracha ar an gCoiste, d'éirigh comhalta seachtrach amháin as i mí Mheán Fómhair 2020 agus tháinig comhalta seachtrach amháin ina áit le déanaí i mí Eanáir 2021. D'éirigh beirt chomhaltaí den Chomhairle as in 2020, comhalta amháin i mí Feabhra agus an ceann eile i mí Aibreáin 2020, agus tháinig Comhalta reatha den Chomhairle in ionad duine amháin díobh. Reáchtáladh sé chruinniú den Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca (AFRC) in 2020.

2. An Coiste Réamhimeachtaí

Tionóladh naoi gcruinniú in 2020

Bunaíodh an Coiste Réamhimeachtaí faoi Alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007, chun breithniú tosaigh a dhéanamh ar ghearáin agus bhí an Dr Tom Crotty ina chathaoirleach air don chéad leath den bhliain. I mí Iúil 2020, rinneadh Cathaoirleach den Uasal John Gleeson. Cuireadh dhá chruinniú in 2020 ar ceal mar gheall ar phaindéim Covid-19, agus tar éis an atosaithe i mí Bealtaine 2020, cinneadh go reáchtálfaí cruinnithe PPC cianda thar dhá lá, ag comhaireamh mar chruinniú amháin. Naonúr comhaltaí Chomhairle agus naonúr comhaltaí seachtracha atá ar an gCoiste. D'éirigh comhalta amháin den Chomhairle agus comhalta seachtrach amháin as i rith na bliana.

3. An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

Tá an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh curtha ar bun faoi Alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007, chun gearáin a fhiosrú.

Éistean “Painéal” na fiosruithe. Triúr comhaltaí den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, beirt chomhaltaí neamh-leighis, agus dochtúir amháin atá ar an bPainéal, agus ní mór do dhuine amháin de na comhaltaí ar a laghad a bheith ina b(h)all den Chomhairle. An tUasal Mary Duff atá ina cathaoirleach ar an gCoiste. Reáchtáladh 27 Fiosrúchán ar fad in 2020.

4. An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach

Tionóladh ocht gcruinniú in 2020

Dhá chuspóir atá ag an gCoiste: bunú agus cothabháil éifeachtach an chlár liachleachtóirí a áirithiú; agus cothabháil leanúnach ar inniúlacht ghairmiúil liachleachtóirí cláraithe a áirithiú. Trí fhochoiste a chabhraíonn agus a thacaíonn leis an gCoiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach, mar atá an Fochoiste um Fheidhmíocht Measúnóirí; an Painéal um Breithniú Clárúcháin (RAP); agus an Bord um Athbhreithniú Clárúcháin (RRB). Tá deichniúr comhaltaí ar an gCoiste: ceathrar ball den Chomhairle (beirt tuata, beirt leighis) agus seisear comhaltaí neamh-Chomhairle. D'éirigh comhalta amháin den Chomhairle as an gCoiste i mí Mheán Fómhair 2020. Is é an tUasal Anthony Breslin atá ina chathaoirleach ar an gCoiste.

5. An Coiste um Oideachas, Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil / An Coiste Oideachais agus Oiliúna

Tionóladh sé chruinniú in 2020

Is é an Coiste um Oideachas, Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil a mhaoirsíonn riachtanais oiliúna dhochtúirí an lae amárach agus riachtanais ó thaobh oideachas leanúnach na ndaoine atá cláraithe faoi láthair. An Dr Aoife Mullally atá ina cathaoirleach ar an gCoiste. Tá ceathrar comhaltaí den Chomhairle agus deichniúr comhaltaí seachtracha ar an gCoiste.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

6. An Coiste Eitice agus Gairmiúlachta

Tionóladh cúig chruinniú in 2020

Cuireadh Coiste Eitice nua ar bun in Aibreán 2019 chun caighdeán Eitice agus Gairmiúlachta a leagan amach do liachleachtóirí cláraithe lena n-áirítear eagrú, foilsíú, cothabháil agus athbhreithniú treorach cuí ar gach ábhar a bhaineann leis an iompar gairmiúil agus le heitic do liachleachtóirí cláraithe; agus athbhreithniú a dhéanamh ar an “Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe” agus nuashonruithe a chruthú de réir mar is gá i rith gach téarma oifige cúig bliana. I mí Feabhra 2020 a bhí an chéad chruinniú ag an gCoiste, agus tá an Dr Suzanne Crowe ina Cathaoirleach ar an gCoiste. Tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste, triúr comhaltaí den Chomhairle agus cúigear comhaltaí seachtracha. Tháinig beirt chomhaltaí, comhalta Comhairle amháin, comhalta seachtrach amháin, ar an gCoiste sa ráithe dheireanach.

7. An Coiste Straitéise agus Rialachais

Tionóladh ocht gcruinniú in 2020

Bunaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis an Coiste Straitéise agus Rialachais, le héifeacht ón 11 Meitheamh, 2018. Is é cuspóir an Coiste an Ráiteas Straitéise a stiúradh chun críche; monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise trí Phleananna bliantúla Gnó; faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cúrsaí Rialachais, gearáin srl; a bheith freagrach as comhaltaí a ainmniú agus a cheapadh do Choistí agus Grúpaí ábhartha; agus clár Foghlama agus Forbartha don Chomhairle, do Choistí agus do Ghrúpaí a stiúradh. Tá seisear comhaltaí den Chomhairle ar an gCoiste, agus ceapadh comhalta amháin den Chomhairle i mí Bealtaine 2020.

8. An Coiste Sláinte

Tionóladh sé chruinniú in 2020

Is é príomhról an Choiste Sláinte monatóireacht a dhéanamh agus tacú le liachleachtóirí a gclárúchán a chothabháil agus iad tinn agus/nó faoi mhíchumas. Míchumas coirp nó meabhrach a bheith ar an gcleachtóir (lena n-áirítear andúil in alcól nó i ndrugaí) agus a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do chumas an chleachtóra míochaine nó gné áirithe di a chleachtadh an sainmhíniú a thugtar ar mhíchumas liachta iomchuí in Alt 2 d'Acht na Lia-Chleachtóirí. D'fhéadfadh liachleachtóir den sórt sin teacht ar aird Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear féin-atreorú; atreorú ag tríú páirtí; nó atreorú ag an gComhairle.

Tuairiscíonn an Coiste don Chomhairle, agus tá ar an gCoiste beirt liachleachtóirí ghinearálta ar a laghad, beirt síceolaithe ar a laghad, aon lia sláinte ceirde amháin, beirt sícíteiripeoirí, agus beirt chomhaltaí thuata. Tionóladh sé chruinniú iomlánacha den Choiste in 2020 agus tionóladh 92 seisiún athbhreithnithe i rith na bliana go pearsanta ar dtús agus a lean ar aghaidh ansin tríd an ardán Zoom mar gheall ar phaindéim Covid-19. Maireann seisiún athbhreithnithe idir an bheirt chomhaltaí den Choiste agus na liachleachtóirí ar leith thart ar uair an chloig go hiondúil. Ag an seisiún athbhreithnithe, pléifidh comhaltaí an Choiste na tuairiscí liachta leis an liachleachtóir mar aon le haon saincheisteanna eile atá ábhartha do shláinte an liachleachtóra atá iomchuí sna himthosca dar leis na comhaltaí.

9. An Coiste Monatóireachta

Tionóladh sé chruinniú in 2020

Is é cuspóir an Choiste Monatóireachta monatóireacht a dhéanamh ar na coinníollacha a bhaineann lena (h) ainm a choinneáil ar an gClár a bheith á gcomhlíonadh ag liachleachtóir. Féadfar coinníollacha a cheangal ar chlárúchán liachleachtóra chláráithe de bhun Alt 53(3) agus/nó 71(c) d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.

Ina theannta sin, ba mhaith leis an gCoiste lear mór coinníollacha a tháirgeadh agus a athbhreithniú chun cabhrú leis an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh agus le Comhairle na nDochtúirí Leighis nuair a bhíonn coinníollacha á gceangal le clárúchán liachleachtóra chláráithe lena chinntiú gur féidir leis an gCleachtóir agus leis an gCoiste araon comhlíonadh a dheimhniú. Thug an Coiste an doiciméad meantóireachta cothrom le dáta le linn 2020 lena chinntiú go raibh na cleachtóirí sin a thugann faoin ról mar a shonraítear laistigh de na coinníollacha ar an eolas faoi riachtanais róil den sórt sin.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe na Comhairle agus Coiste in 2020 leagtha amach in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil agus tá na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta leagtha amach thíos:

Comhalta den Chomhairle/de Choiste	Liúntas 2020	Costais 2020
R. Doyle (Uachtarán)	11,970	316
An Dr. T. Crotty (Leasuachtarán)	-	-
J Barragry	7,696	-
V Blomfield	-	56
A Breslin	-	290
T Bulfin	7,696	787
S Crowe	-	-
M Duff	7,696	-
F Dunne	-	619
J Gleeson	7,696	-
P Harkin	-	-
J Hyland	7,696	-
M Leader	7,696	-
M Lynch	3,848	205
E Maguire	-	-
M McGloin	-	-
C McKenna	-	-
M Moran	-	-
A Mullally	-	-
J Murray	7,696	998
J O'Donovan	7,696	46
T O'Higgins	7,696	564
M O'Sullivan	7,696	604
J O'Sullivan	-	-
M De Brun	1,924	30
A Lindsay	1,924	-
Iomlán	96,626	4,515

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Bhí beirt chomhaltaí déag sa tréimhse idir Eanáir agus Nollaig 2020 nach bhfuair liúntas ón gComhairle in 2020 faoin bPrionsabal “Duine Amháin, Tuarastal Amháin” mar atá liostaithe thuas.

Ós rud é gur rialtóir náisiúnta í Comhairle na nDochtúirí Leighis tá comhaltaí ó cheantair gheografacha forleathana páirteach inti. Tá leibhéal an liúntais Taistil agus Cothabhála a fhaigheann comhaltaí na Comhairle agus comhaltaí Choiste i gcomhréir go díreach leis an áit sa tír ina bhfuil siad ina gcónaí. Tá roinnt comhaltaí Choiste atá ina gcomhaltaí de níos mó ná coiste amháin. Tá na táillí agus na speansais iomlána a íocadh le comhaltaí Choiste in 2020 leagtha amach thíos.

Comhaltaí Comhairle agus Coiste	Liúntas 2020	Costais 2020
A Ali	1,500	309
R Anderson	7,800	163
D Ashe	5,800	79
J Barrie	2,000	-
V Beatty	3,500	-
P Brady	-	3,854
K Bulbulia	8,500	636
A Carrigy	1,800	103
J Casey	4,800	95
T Clarke	4,200	-
L Conroy	4,000	392
M Culliton	1,800	-
A Cunningham	300	-
M Power	600	-
S Datta	500	219
A Deane	1,500	-
M Devin	1,500	1,013
P Devitt	1,500	-
W Duncan	1,000	374
T Fahey	300	-
G Feeney	3,900	406
M Ryan	500	-
P Fleming	1,500	92
D Forde	2,100	-
A Gilliland	-	346
M Hardiman	600	187
AM Harney	1,500	-
M Houston	1,800	130
W Jeffers	1,200	-
J Jenkins	6,200	1,034
A Johnson	3,100	-
S Kealy	3,900	-
F Keeling	2,400	105
H Khaili	1,500	384
G Knowles	2,100	338
A Lane	5,100	-
V Larkin	3,000	322
B Lewis	9,600	2,408
S Lightman	1,500	-
F Magee	4,500	-

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Comhaltaí Comhairle agus Coiste	Líuntas 2020	Costais 2020
G May	900	-
C Mc Crystal	1,800	440
M McGloin	1,000	-
S McGovern	2,000	-
D McLornan	500	141
C McNicholas	2,000	-
A Miller	1,000	-
J Moran	300	198
D Mulcahy	2,400	1,147
M Murphy	3,600	-
P Murphy	1,800	-
J Naughton	300	320
A Ní Riain	21,700	1,097
J O'Connor	1,200	-
D O'Donoghue	500	-
S O'Gorman	-	243
F O'Kelly	3,600	-
S O'Mahoney	1,500	304
M O'Maoláin	1,200	-
G Offiah	600	-
M Owens	900	2,203
K Perdue	3,000	-
P Plunkett	4,000	-
D Quinlan	1,800	2,000
A Quinlan	3,300	-
N Reddy	2,000	-
R Quirke	-	394
E Renehan	500	-
R Sargur	500	196
C Smith	500	271
C Walshe	-	34
D Wareham	500	413
D Woods	-	247
	173,800	22,637

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Príomh-Athruithe Pearsanra

Chríochnaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tUasal William Prasifka, a théarma mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i mBealtaine 2020, ceapadh an tUasal Philip Brady mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua i mBealtaine 2020. D'éirigh triúr as an gComhairle le linn 2020, d'éirigh an tUasal Alison Lindsay as i mí an Mhárta 2020, d'éirigh an Dr Marcus De Brun as i mí Aibreáin 2020 agus d'éirigh an tOllamh Mary Leader as i mí Mheán Fómhair 2020. Tháinig an Dr Thomas Crotty in áit an Dr Anthony Breslin mar Leas-Uachtarán i mí Iúil 2020.

Nochtadh a éilíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Comhairle na nDochtúirí Leighis na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas faoin gCód:

Miondealú ar Thuarastal na bhFostaithe

Déantar tuarastail Fostaithe os cionn €60,000 a rangú sna bandaí seo a leanas:

Réimse sochar iomlán na bhfostaithe	Líon na bhFostaithe	
Ó - Go	2020	2019
€60,000 - €69,999	4	3
€70,000 - €79,999	7	8
€80,000 - €89,999	3	-
€90,000 - €99,999	-	2
€100,000 - €109,999	5	4
€110,000 - €119,999	-	-
€120,000 - €129,999	-	1

Costais Chomhairleoireachta

Cuimsítear le costais chomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí a thugtar don lucht bainistíochta ach níl feidhmeanna seachfhoinisithe 'gnó mar is gnách' san áireamh leo.

	2020 €	2019 €
Comhairleoireacht Ghnó	237,755	380,266
Táillí cumarsáide	29,360	29,520
Táillí Comhairleoireachta TF	45,302	30,390
Comhairleoireacht Dí	526,274	258,500
Iomlán na gCostas Comhairleoireachta	838,691	698,676

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Costais Dhlíthiúla agus Socruithe

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla.

	2020 €	2019 €
Costais Dhlíthiúla		
Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla	483,994	254,003
Fiosruithe faoi Chuid V (a)	1,722,239	2,544,994
Imeachtaí Ard-Chúirte agus na Cuairte Uachtaraí faoi Chuid V (b)	122,372	99,358
Iomlán	2,328,605	2,898,355

Caiteachas ar Fháilteachas

San áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais tá an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

	2020 €	2019 €
Fáilteachas don fhoireann	8,413	10,369
Fáilteachas do choistí	4,308	11,407
Iomlán	12,721	21,776

Caiteachas taistil agus cothaithe

	2020 €	2019 €
Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas		
Foireann - Baile	5,717	22,269
Foireann - Idirnáisiúnta	1,043	24,455
Príomhghnó	42,907	153,110
Iomlán	49,667	199,834

Áirítear le costais ó thaobh príomhghnó costais taistil agus cothabhála do chomhaltaí na Comhairle chomh maith le finnéithe agus gearánaithe.

Ráiteas faoi chomhlíonadh

Ghlac an Chomhairle le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sí nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon Comhairle na nDochtúirí Leighis an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go hiomlán in 2020.

Arna faomhadh ag an gComhairle ar an 5 Bealtaine 2021 agus sínithe thar a ceann ag



An Dr. Rita Doyle
Uachtarán

Arna Dhátú: An 5
Bealtaine 2021



An tUas. Philip Brady
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

Réim Freagrachta

Aithnímhse, thar ceann an Údaráis, go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach á choimeád agus á fheidhmiú. Tá na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe seachas é a dhíothú ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú absalóideach, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoirilínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i gComhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais ach amháin i gcás laigí beaga maidir le rialú inmheánach a bhfuil cur síos orthu san iniúchadh inmheánach ar na rialuithe a rinneadh i mí na Nollag 2020 atá luaite thíos.

Cumas chun Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca (AFRC) ag Comhairle na nDochtúirí Leighis ar a bhfuil seisear comhaltai na Comhairle agus beirt chomhaltai sheachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu, agus tá an Cathaoirleach, an tUasal Joe O'Donovan ar dhuine acu. Tháinig an coiste le chéile sé huaire in 2020.

D'fhorbair an Coiste i gcomhar le hiniúcháirí inmheánacha Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Deloitte, beartas bainistíochta riosca, lena leagtar amach a seasamh maidir le hinghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Rinneadh conradh le Deloitte in 2018 i gcomhair téarma 4 bliana.

Eisíodh an beartas don fhoireann go léir a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad de réir bheartais bhainistíochta riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis, chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas um bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle na nDochtúirí Leighis trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus bearta an luchta bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm faoi bhainistíocht an Príomhoifigeach Riosca trína n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair Comhairle na nDochtúirí Leighis agus rinneadh iad sin a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhacht. Déanann AFRC athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn rialta. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tá sonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus tá freagracht as oibriú na rialuithe sannta do bhaill foirne faoi leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- ▶ rinneadh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- ▶ sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an luchta bainistíochta le cuntasacht chomhfheagrach,
- ▶ tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- ▶ tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- ▶ tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easpaí rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Chomhairle, nuair is ábhartha. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- ▶ sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú,

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

- ▶ bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- ▶ déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht os coinne meastachán.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil na nósanna imeachta i bhfeidhm ag Comhairle na nDochtúirí Leighis lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair agus gur chloígh Comhairle na nDochtúirí Leighis leis na nósanna imeachta sin i rith 2020. Measadh i gceithre chás gurbh iomchuí maolú ar na rialacha agus ar na treoirlínte. Bhain sé sin le conarthaí do chothabháil, glantachán, slándáil agus earcaíocht. Ba é €204,000 luach iomlán na gconarthaí sin, inar cuimsíodh an caiteachas seo a leanas;

- ▶ Cothabháil €75,000
- ▶ Glantachán €41,000
- ▶ Slándáil €13,000
- ▶ Táillí Gníomhaireachta Earcaíochta €75,000

Mar thoradh ar shrianta Covid-19, cuireadh moill ar chinneadh maidir le riachtanais oifige na Comhairle. D'fhonn comhlíonadh agus luach ar airgead a chinntiú amach anseo, tá an Chomhairle i mbun tairiscintí a ullmhú le haghaidh conarthaí cothabhála, glantachán agus slándála agus féachfaidh sí leis na conarthaí sin a chur i gcrích i R2 2021.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta um bainistiú agus um maolú riosca. Cuireann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus Coiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis eolas ar fáil don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar éifeachtacht a gcuid oibre, agus obair an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de Chomhairle na nDochtúirí Leighis atá freagrach as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe inmheánaigh. Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil i Márta 2021 ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor tharla aon sárúithe suntasacha in 2020. Aithníodh mionlaigí sa rialú inmheánach maidir le doiciméad um nós imeachta oibriúcháin atá as dáta maidir le sócmhainní seasta do 2020. Tá freagracht as cur i bhfeidhm na moltaí iniúcháireachta go léir tugtha do Cheannasaí na rannóige ábhartha. Tá amlíne sannta maidir le cur i bhfeidhm an mholta. Tugtar rianaire Moltaí na hIniúcháireachta cothrom le dáta agus déantar é a thuairisciú don AFRC ag gach cruinniú. Déanann an fhoireann Airgeadais maoirseacht ar na bearta a rinneadh chun an moladh a chur i bhfeidhm agus a thuairiscíonn siad dúnadh mholadh na hiniúcháireachta don AFRC.

Covid-19

Bhunaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis grúpa stiúrtha Covid-19 chomh maith le Foireann Práinnfhreagartha, inar áiríodh príomhbhaill den fhoireann Bainistíochta, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar Covid-19 ar an eagraíocht agus chun an eagraíocht a threorú le linn ghéarchéim Covid-19. Forbraíodh pleananna le héifeacht láithreach chun gach fostaí a éascú le hoibriú go cianda, chun leanúnachas obair rithábhachtach Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chinntiú. Rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar chlár riosca na Comhairle le linn 2020 chun rioscaí nua agus rioscaí méadaithe a léiriú mar thoradh ar an bpaindéim, de réir mar a tharla an ghéarchéim lena chinntiú go raibh maolú cuí i bhfeidhm. Cuireadh cumarsáid rialta ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon le linn 2020.

Mar thoradh ar an athrú bunúsach chuig cianobair, b'éigean do Chomhairle na nDochtúirí Leighis measúnú a dhéanamh ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe, lena n-áirítear an tionchar ar chúrsaí airgeadais ó lá go lá laistigh de Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus lena chinntiú go maolaíodh dúshláin do na rialuithe airgeadais laistigh den Chomhairle. Breithníodh leordhóthanacht an chórais rialaithe inmheánaigh trí úsáid a bhaint as an gclár "Léargais Iniúchta" a d'eisigh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste agus glacadh gníomh cuí nuair ba ghá.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Le tacú le bheith ag obair ón mbaile, chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis rialuithe rochtana úsáideoirí i bhfeidhm lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta de), Líonra Príobháideach Fíorúil (VPN) Fíordheimhnithe Ilfhiúsach (MFA), chun rochtain a fháil ar líonraí, córais agus feidhmchláir MHC. Mar fhreagra ar na bagairtí cibearshlándála méadaithe a bhaineann le cianobair, tá treoir agus feachtas curtha ar fáil ag roinn TF Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar bhonn leanúnach, maidir le cibearshlándáil agus oibriú go cianda trí mhodhanna amhail fógra ríomhphoist slándála chuig fostaithe. Ina theannta sin, déantar gach feiste de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis, lena n-áirítear gléasanna iniompartha, a chriptiú.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca breithniú ar an tionchar ar an timpeallacht rialaithe agus phléigh sé an t-iniúchadh inmheánach ar rialuithe airgeadais a dhírigh go sonrach ar na rialuithe a bhí curtha i bhfeidhm ag an gComhairle le linn Covid-19. Tá roinn Airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag obair go cianda ó Mhárta 2020, gan aon chur isteach ar oibríochtaí mar gheall ar leibhéal na bpróiseas uathoibrithe a bhí i bhfeidhm roimh Covid-19. Éilíonn gach idirbheart airgeadais ar shínitheoirí sainordaithe aon idirbheart a údarú trí chód fíoraithe a úsáid ó ghléas soghluaiste oibre. Níl rochtain ach ag pearsanra údaraithe ar chórais airgeadais; chun aon idirbheart a phróiseáil agus a íoc teastaíonn beirt shínitheoirí nó níos mó chun riosca calaoise agus earráide a chosc. Tá na rialuithe seo laistigh den chóras Airgeadais, den chóras costais agus den chóras párolla.

Sínithe thar cheann Chomhairle na nDochtúirí Leighis



An Dr. Rita Doyle
Uachtarán

Arna Dhátú: An 5
Bealtaine 2021

An tArd-Iniúchóir



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

The Medical Council

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Medical Council for the year ended 31 December 2020 as required under the provisions of section 32 of the Medical Practitioners Act 2007. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Medical Council at 31 December 2020 and of its income and expenditure for 2020 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Medical Council and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Medical Council has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, including the governance statement and Council members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Mary Henry
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

17 May 2021

An tArd-Iniúchóir

Appendix to the report

Responsibilities of Medical Council members

As detailed in the governance statement and Council members' report, the Council members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 32 of the Medical Practitioners Act 2007
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Medical Practitioners Act 2007 to audit the financial statements of the Medical Council and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Medical Council's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Medical Council to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
Ioncam			
Táillí Coinneála	2	12,074,445	11,763,740
Táillí Clárúcháin	2	2,559,910	2,394,050
Ioncam ilghnéitheach	2	237,140	421,990
Ioncam Iomlán		14,871,495	14,579,780
Caiteachas			
Pá agus tuarastail	3	4,500,005	4,120,308
Costais sochair scoir	3	1,191,568	1,134,106
Costais na Comhairle agus cruinnithe		359,055	670,907
Earcaíocht, oiliúint agus oideachas foirne		208,631	251,689
Cíos agus rátaí		1,063,379	1,058,545
Costais Dhlíthiúla		2,328,605	2,898,355
Riarachán ginearálta	4	909,561	890,031
Táillí comhairleachta agus táillí gairmiúla eile		838,691	698,676
Táillí airgeadais		148,544	162,704
Táillí Iniúchóireachta		21,800	19,800
Fógraíocht agus monatóireacht na meán		15,624	8,770
Caillteanas / (Gnóthachan) ar dhiúscairtí sócmhainní		(1,423)	808
Dímheas	6	264,013	265,213
Caiteachas Iomlán		(11,848,053)	(12,179,912)
Barrachas oibriúcháin		3,023,442	2,399,868
Gluaiseacht luacha cóir i sócmhainní airgeadais	7	999,981	1,682,613
Ús iníoctha/infhaighte		-	12,226
Ioncam infheistíochta		69,484	57,225
Barrachas don bhliain	11	4,092,907	4,151,932
Aistriú ó / (go) cúlchiste pinsin	11	569,000	570,000
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ar an 1 Eanáir		31,868,850	27,146,918
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ar an 31 Nollaig		36,530,757	31,868,850

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 51 go dtí 63 ina gcuid de na ráitis airgeadais.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle agus arna shíniú thar a ceann ag



An Dr. Rita Doyle
Uachtarán

Arna Dhátú: An 5
Bealtaine 2021



An tUas. Philip Brady
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
Barrachas don bhliain		4,092,907	4,151,932
Caillteanas / (gnóthachain) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		(780,000)	380,000
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha na hoibleagáide sochair scoir	10 (b)	(2,613,000)	(2,628,000)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10 (b)	566,000	452,000
Gnóthachan ar athluacháil	11	-	19,800
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		1,265,907	2,375,732

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 51 go dtí 63 ina gcuid de na ráitis airgeadais.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle agus arna shíniú thar a ceann ag



An Dr. Rita Doyle
Uachtarán

Arna Dhátú: An 5
Bealtaine 2021



An tUas. Philip Brady
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
Sócmhainní Neamh-Reatha			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	6	1,590,921	1,470,874
Sócmhainní Airgeadais	7	35,702,077	11,777,035
		37,292,998	13,247,909
Sócmhainní Reatha			
Infháiltais	8	926,318	992,715
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		6,810,564	25,804,302
		7,736,882	26,797,017
Dlíteanais Reatha (suimeanna dlíte laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna iníoctha	9	(8,479,323)	8,156,276
Glansócmhainní Reatha		(742,441)	18,640,740
Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha (roimh shochair scoir)		36,550,557	31,888,650
Sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsín	10 (b)	2,900,000	1,890,000
Oibleagáidí sochair scoir	10 (b)	(28,437,000)	(24,031,000)
Glansócmhainní		11,013,557	9,747,650
Lena léirítear			
Cúlchistí ioncaim coinnithe	11	36,550,557	31,888,650
Cúltaisce sochair scoir	11	(25,537,000)	(22,141,000)
Iomlán		11,013,557	9,747,650

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 51 go dtí 63 ina gcuid de na ráitis airgeadais.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle agus arna shíniú thar a ceann ag



An Dr. Rita Doyle
Uachtarán

Arna Dhátú: An 5
Bealtaine 2021



An tUas. Philip Brady
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

Réiteach an bharrachais don bhliain leis an nglan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2020 €	2019 €
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas ioncaim thar chaiteachas	4,092,907	4,151,932
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	(444,000)	(416,000)
Dímheas agus lagú réadmhaoin, innealra agus trealaimh	264,013	265,212
Gnóthachan ar Dhiúscairt Sócmhainní	(1,423)	904
Laghdú / (Méadú) ar infháltais	66,397	38,474
Ús a fuarthas	-	(12,226)
Méadú / (laghdú) i nithe iníoctha	323,047	(375,917)
Méadú / (laghdú) ar tháille shochair scoir	1,013,000	986,000
Fáltais ó phunann infheistíochta	(69,484)	(57,225)
Íocaíocht táille um bainistíocht punainne	44,135	44,863
Gluaiseacht luacha cóir i sócmhainní airgeadais	(999,981)	(1,682,613)
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	4,288,611	2,943,404
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús a fuarthas	-	12,226
Costas Úis	288	-
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach	(384,276)	(234,842)
Infheistíocht i bpunann IIsócmhainní Aireach	(18,900,000)	-
Infheistíocht i mBannaí Eorpacha Gearrthréimhseacha	(4,000,000)	-
Gnóthachan ar Dhiúscairtí Sócmhainní	1,639	-
Glanshreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(23,282,349)	(222,616)
Glan Méadú / (laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	(18,993,738)	2,720,788
Airgead tirim agus a shamhail amhail an 1 Eanáir	25,804,302	23,083,514
Airgead tirim agus a shamhail amhail an 31 Nollaig	6,810,564	25,804,302

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag an Údarás. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis faoin Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 (a tugadh cothrom le dáta in 2007), agus tá ceannoifig aici ag Teach Kingram, Plás Kingram, Baile Átha Cliath 2.

Is é príomhchuspóir Chomhairle na nDochtúirí Leighis ná an pobal a chosaint trí chaighdeán arda iompair ghairmiúil a chur chun cinn agus caighdeán oideachais, oiliúna agus inniúlachta gairmiúla a chur chun cinn agus a chinntiú níos fearr i measc liachleachtóirí cláraithe mar atá leagtha amach i gCuid 2 d'Alt 6 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

Aonán um Shochar Poiblí í Comhairle na nDochtúirí Leighis.

b) Ráiteas faoi chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn (caighdeán chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, “an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann”).

c) Bonn a n-ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi chomhghnás an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a tomhaiseadh ag luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos.

Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Sláinte le comhaontú an Aire Airgeadais faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar a bheith ábhartha ó thaobh ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

d) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach. Déantar an muirear dímheasa a ríomh chun costas nó luacháil bhunaidh maoine, innealra agus trealaimh, a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta, thar a saolré úsáideach measta mar seo a leanas:

Foirgnimh	- 2% de réir méid cothrom
Feabhsuithe ar léasacht	- 5% de réir méid cothrom
Trealamh oifige	- 20% de réir méid cothrom
Daingneáin agus feistis	- 12.5% de réir méid cothrom

Trealamh ríomhaire agus forbairt bogearraí
- 33.3% de réir méid cothrom

Tá áitribh faoi réir beartas athluachála gach 5 bliana mar aon le luacháil eatramhach i mbliain 3 de réir FRS 102. Ní raibh aon áitreabh ruilse ar Chlár na Sócmhainní ar an 31 Nollaig 2020.

Is é beartas Chomhairle na nDochtúirí Leighis athluacháil a dhéanamh ar a cuid sócmhainní seasta ealaíne gach 5 bliana. Rinneadh luacháil in 2019, agus léirítear sna Ráitis Airgeadais luach margaidh reatha na saothar ealaíne liostaithe. Is mar mhíreanna caipitiúla a dhéileáiltear le costais maidir le forbairt bogearraí le haghaidh córais mhóra agus déantar iad a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta ón dáta a gcuirtear chun feidhme iad.

e) Sócmhainní Airgeadais

Luaitear sócmhainní airgeadais a shealbhaítear mar shócmhainní neamhreacha ar a luach margaidh. Tugtar cuntas ar aon bharrachais nó easnaimh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe faoi seach. Aithnítear ioncam ó shócmhainní airgeadais mar aon le haon cháin siarchoinneála ghaolmhar sa Ráiteas faoin gcuntas ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina bhfuil sé infhaighte.

Tá infheistíocht ag an gComhairle i gciste ina bhfuil bannaí, cistí infheistíochta airgead tirim agus scaireanna cothromais i roinnt cuideachtaí atá liostaithe ar mhargaí stoic aitheanta agus a ndéantar iad a thrádáil go gníomhach. Ní hí Comhairle na nDochtúirí Leighis a bhainistíonn an ciste ach cuireann beartas infheistíochta na Comhairle taca faoi.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

Aithnítear ioncam ón bpunann infheistíochta (glan ar aon cháin siarchoinneála ghaolmhar) sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais sa bhliain ina bhfuil sé infhaighte. Aithníodh an infheistíocht ar dtús ag costas agus ina dhiaidh sin rinneadh í a luacháil ag luach cóir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is ionann luach cóir agus meánphraghas na n-urrús i margadh gníomhach ar an dáta tuairiscithe tar éis aon cháin atá iníoctha ar aon bhrabús a tuilleadh a mheas. Aithnítear athruithe i luach cóir infheistíochtaí sa ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain ina dtarlaíonn siad.

f) Airgeadraí Eachtracha

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar an lá a ullmhaíodh an Ráiteas faoin Staid Airgeadais. Déantar idirbhearta in airgeadraí iasachta a aistriú go euro agus a thaifeadadh ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm lá an idirbhirt. Caitear leis na difríochtaí malartaithe dá thoradh sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

g) Ioncam

Aithnítear táillí, seachas táillí coinneála, mar ioncam sa bhliain ina bhfaightear iad. Gearrtar táillí coinneála gach bliain ar liachleachtóirí a dhéanann iarratas chun fanacht ar chlár na Comhairle. Aithnítear táillí coinneála agus ioncam eile mar ioncam sa bhliain lena mbaineann siad.

h) Ioncam ó Ús

Aithnítear ioncam ó ús ar bhonn fabhráithe ag úsáid mhodh an ráta éifeachtúil úis.

i) Sochair Scoir

Feidhmíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis scéim pinsean sochair shainithe a mhaoinear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil di ó ranníocaíochtaí a bhaintear ó thuarastail na mball foirne.

Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí leas a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta.

Is éard atá sa mhuirear sochair scoir don SIERR ná na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse, costais seirbhíse reatha agus costais úis agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí sochair scoir na mball foirne a choinníonn an Chomhairle.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha, de dheasca athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus taithí ó bharrachais agus easnaimh, sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill baill foirne go dtí seo. Is ionann an cúlchiste shochair aoisliúntais agus an t-easnamh maoinithe ar oibleagáidí na scéime sochair scoir.

Oibríonn an Chomhairle Scéim Shingil Pinsin aonair na Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair"). Is scéim shochair shainithe í sin d'fhostaithe inphinsin na seirbhíse poiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Déantar ranníocaíochtaí na gcomhaltaí maidir leis an scéim aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Lena chois sin, tá ranníocaíocht fostóra iníoctha leis an RCPA freisin de réir Ciorclán RCPA 28/2016. Déantar an dliteanas i leith chomhaltaí na Scéime Aonair a mheaitseáil le sócmhainn mhaoinithe iarchurtha de réir fhorálacha Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (An Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

j) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dírí thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa atá nasctha leis an ráta measta boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin thar shaolré an léasa.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

k) Infháltais

Déantar infháltais trádála a thaifeadh ar na leibhéal táillí arna gcinneadh ag an gComhairle de réir Alt 36 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Má theipeann ar Lia-Chleachtóir an Fhoirm Iarratais Coinneála Bhliantúil a chomhlánú mar aon leis an Táille Choinneála a íoc, déanfar an té sin a scrios ó Chlár na Lia-Chleachtóirí réir Alt 79 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Cealaíonn an próiseas seo an riachtanas chun soláthar a dhéanamh d'fhiacha amhrasacha mar déantar na táillí arna n-eisiúint a chur droim ar ais nuair a scriostar an té sin den Chlár. Déantar infháltais eile a thaifeadh ag praghas an idirbhirt.

l) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chlár chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú mar ioncam agus mar chaiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhair agus na meastacháin sin a bheith éagsúil mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir ag amúchadh do bhearnú nuair a léirítear le heachtraí nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnaithe mar an tsuim a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála.

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne ná luach cóir na sócmhainne lúide a costas díolta nó a luach úsáide, cibé acu is airde. D'fhoill bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle a bhfuil sreafaí inaitheanta airgid (aonaid ghinte airgid) ar leith ag baint leo. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing bearnú le féachaint an bhfuil an bearnú curtha droim ar ais ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an gCeannasaí Airgeadais ar shaotha sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na ranganna maoine, innealra agus trealamh go léir, agus go háirithe, saolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus measadh go bhfuil saolta na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha cuí.

Forálacha

Déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe arb eol di a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha sin de ghnáth ar bhunús fhaisnéise stairiúla nó faisnéise ábhartha eile, arna gcoigeartú do threochtaí le tamall anuas nuair is ábhartha. Mar sin féin is meastacháin iad ar na costais airgeadais i gcás imeachtaí nach bhféadfadh tarlú go ceann roinnt blianta. Dá thoradh sin agus de bharr an leibhéil éiginnteachta a ghabhann leis na torthaí deiridh, féadfaidh an toradh iarbhair a bheith an-difriúil ón meastachán.

Oibleagáid Sochair Scoir

Maidir leis na toimhdí atá mar bhunús na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, méadaithe sna rátaí maidir le leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmaireachta agus treochtaí sna rátaí i leith costas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar na toimhdí sin:

